

☘ An Lúibín ☘

2 Meitheamh 2024

Béaloideas faoi imirce chun na hAstráile

In the 1930s, schoolchildren throughout Ireland were set to gathering folklore in their local districts. There were many stories about migration, both in English and Irish, and some dealt with migration to Australia. Below are selections from such stories in Irish.

Gach bliain, in Ollscoil Melbourne, bíonn seimineáir Léinn Éireannaigh ar siúl. Ar 22 Bealtaine 2024 chualathas an tOllamh Diane Hall ó Ollscoil Victoria in Melbourne ag caint ar ‘Stories of migration and return in 1930s Ireland: The Schools Collection’. Rinne an tOllamh Hall mionscrúdú ar scéalta i mBailiúchán na Scol faoi dhaoine a chuaigh chun na hAstráile. Tá na mílte scéal sa bhailiúchán, scéalta a bhreac daltaí scoile síos sna 1930idí mar chuid de bhéaloideas a gceantar, a bhformhór i mBéarla ach cuid mhaith i nGaeilge chomh maith, agus cur síos ina lán acu ar an imirce (féach Dúchas.ie).

Chuaigh an chuid is mó de na himircigh go dtí an Bhreatain agus na Stáit, ach le himeacht aimsire thug cuid acu a n-aghaidh ar dheisceart an domhain, agus tá an Astráil luaite i gcuid de na scéalta Gaeilge. Tháinig roinnt bheag de na himircigh ar ais; dúradh go raibh rath ar chuid acu, ach taispeánann na taifid go raibh roinnt eile bocht go leor. Uaireanta thioctadh fear ar ais, gan a bhean chéile agus a chlann go minic, chun na seandaoine a fheiceáil den uair dheireanach. I gcuid de na scéalta léirítear an Astráil mar thír imigéiniúil mar a bhféadfadh rud ar bith titim amach. (Moladh go dtabharfá bata draighin leat chun na hAstráile chun nathracha a mharú.)

Tá litriú na sleachta thíos cóirithe beagán, ach coinníodh na foirmeacha canúnacha.

Sa scéal thíos faighimid tagairt don saibhreas a tugadh ar ais go hÉirinn ón Astráil, agus don saibhreas nach bhfuarthas sa bhaile, agus an slua sí luaite mar cheangal.

Bhí fear ag treabhadh i bpáirc agus rith an capall. Chuaigh sí isteach i lios agus ní fhaca an fear an capall níos mó. Tháinig sé abhaile agus chuaigh sé go dtí Sydney san Astráil. Nuair a bhí a shaibhreas déanta aige tháinig sé abhaile. Nuair a bhí sé ina chodladh oíche amháin dúisíodh é le torann agus nuair a bhreathnaigh sé timpeall chonaic sé cailleach ina seasamh i ngar don leaba. Tar éis tamaill labhair sí agus dúirt: "Tá ór insan áit a chuaigh do chapallsa isteach ann". Lá arna mhárach chuaigh an fear ag rómhar san áit a dúirt sí leis ach ní bhfuair sé tada. (*Faisnéiseoir: Pádraig Ó Congaile, Gorta Buí, Co. na Gaillimhe.*)¹

Seo tagairt eile don saibhreas i scéal as an gClár agus, arís, é le fáil san Astráil seachas in Éirinn.

Do bhí ceathrar fear ina gcónaí in aice tigh muintir Lioráin. Do fuair beirt acu bás leis an ocra, agus do chuaigh an bheirt eile mórthimpeall ag goid. Muintir Points a bhí ina gcónaí ann. Do cuireadh an bheirt acu i bpriosún san Astrail, agus nuair do thosnaigh muintir na hÉireann ag dul go dtí an Astrail do bhí beirt de mhuintir Points ann agus iad go hana-shaibhir. (*Bailitheoir: Peadar Mac Rinn, An Clóchán, Co. an Chláir.*)²

Sa scéal thíos luaitear na deacrachtaí geilleagair a thug ar dhaoine an tír a fhágáil – an Drochshaol, ganntanas airgid agus drochthalamh. Is beag duine, i ndáiríre, a bhain an Astráil agus an Nua-Shéalainn amach de dheasca an Drochshaoil: bhí an turas ródhaoir agus rófhada. A mhalaire de scéal a bhí ann ó na 1850idí amach.

¹ <https://duchas.ie/ga/cbes/4583301/4577741/4586780?HighlightText=Astr%C3%A1il&Route=stories&SearchLanguage=ga>

² <https://duchas.ie/ga/cbes/5260466/5255338/5265036?HighlightText=Astr%C3%A1il&Route=stories&SearchLanguage=ga>

Tá mé in mo chónaí i dTearmann, baile beag i ngar go Fód Dubh. Níl ach beagán beag daoine ina gcónaí ann. Níl acht leathscór tithe ann agus bhí suas go céad ann in am fadó. Is é an cruthú atá againn go raibh mar tá na mantracha le feiceáil ann go fóill. D'imigh na daoine ar fad astu agus d'fhágadar an tír. D'imigh an chuid is mó acu in am an ghorta idir na blianta 1846-1847 nuair nach rabhadar in ann slí bheatha a bhaint amach dóibh fhéin nuair do loit na barraí go léir. Ní raibh aon bhia acu agus fuair go leor acu bás agus d'imigh an chuid eile go Ameirioca agus d'imigh an chuid is mó as an mbaile seo go dtí an Astráil agus Nua-Shéalainn. D'imigh go leor eile timpeall na bliana 1871 nuair nach rabhadar in ann an cíos a íoc. Do ruaigeadh iad as a gcuid tithe agus d'imíodar go tíorthaibh thar lear áit a raibh neart airgid le saothrú acu agus b'in é uair na himirce nuair a théadh siad go Ameirioca agus [an] Astráil ar £1. Rud eile bhí drochthalamh ann níorbh fhéidir aon churadóireacht a dhéanamh. (*Bailitheoir: Áine Ní Éineacáin, An Tearmann, Co. Mhaigh Eo.*)³

Luann scéal amháin na Fíníní agus an díbirt a bhain dóibh; téama eile atá ann is ea an fonn a bhí ar dhaoine éigin filleadh, cé nár éirigh le mo dhuine, sean-Fhínín, sa chás seo.

Do díbríodh cuid acu go dtí an Astráil agus go dtí tíortha eile thar lear. Ceann dóibh a cuireadh go dtí an Astráil ab ea Ó Góilín ósna Cealla agus nuair bhí sé aosta bhí sé ag iarraidh teacht ar n-ais arís ach níor tugadh an cead dó, agus cúpla bliain na dhiaidh sin nuair a bhí an fear bocht ag fáil bháis do chuir sé uaireadán agus crios breá a bhí aige san arm trí phoist go dtí a mhuintir agus dob é sin an litir dheireanach a fuair eadair ón díbeartach bocht úd mar cailleadh é go luath ina dhiaidh sin, go ndéanfaidh Dia trócaire air. (*Bailitheoir: Úna Ní Loingsigh, Na Cealla, Co. Chiarraí. Faisnéiseoir: Diarmuid Ó Loingsigh.*)⁴



Scoileanna nach bhfuil ann

Lobbyists for an expanded Irish-language school network in Dublin have put their case to the politicians.

Is fada gearán á dhéanamh faoin drogall atá ar an Roinn Oideachais in Éirinn gaelcholáistí a thógáil d'ainneoin an éilimh atá ar a leithéidí agus an oiread sin gaelscoileanna ann. Minic go leor caithfidh daltaí bunscoile an chuid eile dá n-oideachas a dhéanamh trí Bhéarla. Bhí faill ag grúpaí feachtasaíochta leis an scéal a phlé os comhair an Chomhchoiste Gaeilge agus Gaeltachta i dTeach Laighean i mBaile Átha Cliath, agus, mar is gnách, chuir *Tuairisc* suim sna cúrsaí seo.⁵ Reáchtáladh an cruinniú de Choiste Gaeilge an Oireachtais chun deis cainte a thabhairt do ghrúpaí éagsúla atá ag iarraidh scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh in iúl gur tháinig méadú 48% ar líon na ndaltaí gaelscoile i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó 2015 i leith. 2,062 atá i gceist faoi láthair, líon atá ag méadú i gcónaí. Is i mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas is mó a tháinig borradh faoi líon na ndaltaí gaelscoile le deich mbliana anuas, agus níl gaelcholáistí an cheantair in ann iad go léir a ghlacadh.

Moladh go mbeadh bealach nua ann chun scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú agus go mbeadh dualgas reachtúil ann chun an méid scoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú. Fiafraíodh cén fáth nach mbeadh bunscoil agus meánscoil Ghaeilge i ngach ceantar agus an t-éileamh ann. Ach is fada an Roinn Oideachais ina dris chosáin rompu siúd arb áil leo gréasán na scoileanna lán-Ghaeilge a neartú.

Is léir go bhfuil inní ar ghníomhaithe Gaeilge i dtaobh an dearcaidh atá ag an bpobal i leith scoileanna lán-Ghaeilge, rud a chuir Cormac McCashin ón bhForas Pátrúnachta in iúl nuair a shéan sé gur 'pobal bán, meánaicmeach, Caitliceach' is mó a bhíonn atá le fáil iontu.⁶ Tá, ar ndóigh, a lán gaelscoileanna ilchreidmheacha i mBaile Átha Cliath agus gaelscoileanna a bhfuil páistí ó chúlraí éagsúla le fáil iontu. Mar sin féin, beidh sé deacair ar an gcóras gaelscolaíochta clú an aonchultúrachais a chailleadh, go háirithe agus a dheacra atá sé aird na n-inimircigh a tharraingt ar an ngaelscolaíocht, agus gan a fhios ag a lán díobh go bhfuil an Ghaeilge féin ann.

³ <https://duchas.ie/ga/cbes/4428007/4367681?HighlightText=Astr%C3%A1il&Route=stories&SearchLanguage=ga>

⁴ <https://duchas.ie/ga/cbes/4742131/4738744/4786675?HighlightText=Astr%C3%A1il&Route=stories&SearchLanguage=ga>


⁵ <https://tuairisc.ie/gerrymandering-in-aghaidh-na-gaeilge-ar-siul-ag-an-roinn-oideachais/>

⁶ <https://tuairisc.ie/ni-fior-gur-pobal-ban-meanaicmeach-caitliceach-amhain-a-bhionn-i-ngaelscoileanna/>



Seanfhocail na nGael in Albain

Scottish Gaelic, like Irish, is rich in proverbs and sayings. They were first collected in book form in 1785, with English translations, and an expanded edition came out in 1882, now available online.



Rugadh an tUrramach Dòmhnall Mac an Tòisigh (Donald MacIntosh) in 1743, láimh le Coille Chreichnich. É ina gcléireach ar son na Gaeilge sa Society of Antiquaries of Scotland, agus ina mhinistir ina dhiaidh sin. In 1801 ceapadh é ina aistritheoir Gaeilge agus ina choimeádaí taifead Gaeilge sa Highland Society of Scotland. In 1785 d'fhoilsigh sé a shaothar mór, *A Collection of Gaelic Proverbs and Familiar Phrases*, in nDún Éideann, agus tháinig an dara heagrán amach in 1819.

Alasdair MacNeacail (Alexander Nicolson) a chuir an t-eagrán deireanach in eagar, agus foilsíodh é in 1882. É ina dhlíodóir agus ina scoláire Gaeilge. Rugadh é in 1827 in Hùsabost san Eilean Sgitheanach, agus fuair sé BA agus MA ó Ollscoil Dhún Éideann. Nuair a rinneadh coimisinéir cunta de chuid choimisiún oideachais na hAlban de thug sé cuairt Inse Ghall ag scrúdú na scoileanna. Tamall ina dhiaidh sin mhol sé go múiní an Ghaeilge mar chuid bhuan den churaclam, moladh ar dhiúltaigh an Roinn Oideachais go dúr di.

Mhol sé saothar Mhac an Tòisich, cé nach raibh sé dall ar na lochtanna a bhí air. Chuir sé i bhfad níos mó seanfhocal agus abairtí isteach ina eagrán féin, in éineacht le haistriúcháin nua. Tá os cionn 2,000 seanfhocal agus abairt ann. Admhaíonn sé sa réamhrá 'that the use of the Gaelic language in its native land is slowly but surely passing away,' agus is léir gur beag sásamh a bhain sé as sin.

Níl sna samplaí thíos ach an chuid is lú de na seanfhocail a bhailigh Dòmhnall Mac an Tòisigh agus Alasdair MacNeacail. Tá roinnt acu an-chosúil lena leithéidí i nGaeilge na hÉireann.

Tá cóip dhílis den bhailiúchán le fáil ag <https://archive.org/details/collectionofgael00maci>.

Seanfhocail

A' bheinn as àirde tha 'sa tìr, 's ann as trice a chì thu an ceò. *An sliabh is airde atá sa tír is ann is minice a fheicfidh tu an ceo.*

A' cur an eich 's e 'na fhallus. *Ag gríosú an chapail agus é ag cur allais.*

Aig deireadh a' chluiche chìtear cò a bhuinigeas. *I ndeireadh an chluiche feictear cé a bhuaigh.*

Am fear a bhios beudach e fhèin cha sguir e 'dh' èigneachd chàich. *An fear atá ciontach é féin ní scoirfidh sé de dhaoine eile a shaighdeadh.*

Am fear a bhios fad aig an aiseag gheabh e thairis uair-eigin. *An fear atá i bhfad ag an áth gheobhaidh sé thairis uair éigin.*

Am fear a bhios fada gan èirigh bidh e 'n a leum fad an latha. *An fear atá fada gan éirí beidh sé ag léim i rith an lae.*

Am fear a bhios 's an fhèith cuiridh a' h-uile fear a chas air. *An té atá thíos sa phuìteach buaileann cách cos air.*

Am fear a bhrathas 's e 'mharbhas. *An té a bhraitheann (i.e. a fheallann) is é a mharaíonn.*

Is buaine na gach ní an náire. *Is buaine ná gach ní an náire.*

Mar a 's mò gheibh an cú, 's ann s' mò a dh'iarras e. *Dá mhéad a fhaigheann an cú is ea is mó a iarrann sé.*

Measar an t-amadan glic ma chumas e a theanga. *Meastar an t-amadán a bheith glic má chuireann sé srian lena theanga.*

Thèid duine gu bàs air sgàth a náire. *Rachaidh duine go bás ar scáth a náire.*

Thig an fhirinn a mach le tubaist. *Tagann an fhirinne amach le tubaiste.*

Is e 'n duine an t-aodach, 's chan i a' cholainn bhriagach. *Is é an duine an t-éadach, agus ní bréagach í an cholainn.*

Urnuigh an diugh, 's briagan am maireach. *Urnaithe inniu agus bréaga amárach.*

Tuigidh bean bean eile. *Tuigeann bean bean eile.*

Tiugainn, ars' an Rìgh; fuirich gus am faod, ars' a' Ghaoth. *Téanam, arsa an Rí; fan go bhféadfaidh tú, arsa an Ghaoth.*

Tigh gun chù, gun chat, gun leanabh beag, tigh gun ghean, gun ghàire. *Teach gan chú gan chat gan leanbh beag teach gan ghean gan ghàire.*

Sgoiltidh sùil a' chlach. *Scoiltfidh drochshúil an chloch.*

Seachain an t-áth far an do bhàthadh do charaid. *Seachain an t-áth mar ar bádh do chara.*

Ní droch-duine dàn da fhèin. *Déanann drochduine cinniúint dó féin.*

Na tog mi gus an tuit mi. *Ná tóg mé go dtitfidh mé.*

Na creid gu'r h-aithne dhut duine, gus an roinn sibh creach. *Ná creid gur aithnid duit duine go dtí go roinnfidh sibh creach.*

Na abair ach beag 's abair gu maith e. *Ná habair ach beagán agus abair go maith é.*

Mar atá in Éirinn, baineann roinnt seanfhocal agus abairtí le hainmhithe.

Thachair an cat riut air bàrr na stairsnich. *Casadh an cat ort ar bharr na tairsí (rud míshéanmhar).*

Tha sin sgrìobht' 'am bathais a' chait. *Tá sin scríofa i mbaithis an chait.*

Tha 'n cat 's an luath, thig frasan fuar. *Tá an cat sa luath, tiocfaidh ceathanna fuara.*

Thoir leat a' bhò do'n chaisteal, 's thèid i dhachaidh do'n bhàthaich. *Tabhair leat an bhó chun an chaisleáin agus tiocfaidh sí abhaile chun an bhóithigh.*

Tha fios fithich agad. *Tá fios fiaigh agat (i.e. fios osréalach, ós ag an bhfiach dubh atá a leithéid).*

Tàlaidhidh am biadh fiadh na beinne. *Meallfaidh an bia fia an tsléibhe.*

Sionnach ag iarraidh a ruagaidh. *Sionnach ag iarraidh a ruaigthe.*

Na feann am fiadh gus am faigh thu e. *Ná feann an fia go bhfaighe tú é.*



Comhshaol

Teochtaí

In a recent survey of climate scientists, most thought that temperatures would rise far beyond the limit sought. But real efforts are being made to ameliorate the dangers.

Rinne *The Guardian* suirbhé ar na céadta saineolaí aeráide agus fuair amach go gcreideann 77% díobh siúd a d'fhreagair an ceistneoir go mbainfidh teochtaí domhanda amach 2.5C ar a laghad os cionn leibhéal réamhthionsclaíocha agus go measann 42% go mbeidh na leibhéal sin os cionn 3C – toradh tubaisteach ar a lán slite.⁷

Thug an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide na mílte saineolaí le chéile tamall de bhlianta ó shin chun na tuarascálacha is údarásaí dá bhfuil ann a sholáthar. Foilsíodh sé thuarascáil i rith breis is cúig bliana is tríocha, an tionscadal eolaíoch is tábhachtaí, b'fhéidir, dá ndearnadh riamh. Déanann an ceann is déanaí trácht ar dhochar buan d'fhoraois na hAmasóine, dochar uafásach tuilte, agus na billiúin daoine breise a bheith ag fulaingt fiabhras deinge. Déanfar an-damáiste do sholáthar bia. Fágfar cathracha móra (Shanghai, Rio de Janeiro agus eile) faoi leibhéal na farraige. Tá inní ar eolaithe i dtaobh pointí claochlaithe, nuair a chlisfeadh codanna fiorthábhachtacha den chóras aeráide, amhail oighearchlúid na Gríonlainne agus sruthanna móra san Atlantach de dheasca méadú an-bheag teochta. Dúirt eolaí amháin nach dtuigeann daoine cé chomh mór is atá an chontúirt.

Ach tuigtear go bhfuil contúirt ann. Cén fáth, mar sin, go bhfuil moill chomh mór sin ar na fadhbanna a fhuascailt? Dúirt formhór mór na saineolaithe nach raibh toil na bpolaiteoirí leis, agus luaigh cuid mhaith acu an dúil atá ag comhlachtaí i mbrabús.

Tá cúiseanna dóchais ann. Tá laghdú ag teacht ar astaíochtaí de réir a chéile; tá pleanáil á deánamh chun na drochiarsmaí a mhaolú; tá rialtais á spreagadh chun dlús a chur leis an obair agus inní ar an bpobal i gcoitinne (ós beag duine a déarfadh anois nach bhfuil san athrú aeráide ach scéal scéil). Mar sin féin, caithfidh a bheith ullamh don tubaiste, mar tá an aeráid ullamh chun trioblóide.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

⁷ <https://www.theguardian.com/environment/ng-interactive/2024/may/08/hopeless-and-broken-why-the-worlds-top-climate-scientists-are-in-despair>

Dhá dhán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Eolas

B'eo lá na féile
áilteoirí is áilleagán intreach
is lámhchleasaí ag coinneáil
gréine is gealaí san aer
is cótaí folamha
ar fán i measc na tána
ar lorg ruda a ligeadh ar lár
ag tóraíocht eolas na colainne

Ní heol duit

D'fhiafraigh sí san amhrán
arbh eol duit cad is grá ann
is d'fhreagra níor chuala
is lean an domhan dá chúrsa
ag rince leis i hallaí
ag achrann is ag gáire
ag siúl go geal i salachar
ag cumadh bréag is dánta